

Gaelscoil Chill Mhantáin Eolas do Mhúinteoirí Nua/ d'lonadaithe

Misean na scoile:

Is scoil lán-Ghaeilge, idirchreidmheach í an Ghaelscoil, arb í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga ghnó na scoile, an teanga theagaisc i ngach ábhair seachas Béarla, an teanga chaidrimh idir mhúinteoirí agus daltaí agus i measc na ndaltaí féin i gcónaí sa scoil, sa chlós, ar an mbus agus i dtimpeallacht na scoile. Feidhmíonn an Ghaelscoil faoi chomhsprid Caitliceach/Protastúnach. Ciallaíonn sé sin go dtugtar an t-aitheantas céanna do na sainchreidimh agus go dtugtar teagasc do na daltaí sa dá churaclam “ Beo go Deo” agus “Follow me”.

Amanna Scoile:

Tosaíonn scoil ag 8.40r.n. agus críochnaíonn sé ag 1.20i.n. do ranganna naíonán agus 2.20i.n. do na ranganna eile. Bíonn dhá shos i rith an lae – sos beag idir 10.50- 11.00 (Tugtar seans do na daltaí cuid dá lón a ithe roimh an sos beag) agus am lón idir 12.30 – 1.00 (Itheann na daltaí lón sna seomraí ranga agus téann siad amach go dtí an chlós ag 12.40). Bíonn am sosa luath ar an Mháirt óna 10.20 – 10.30 má tá ranganna snámha ar siúl.

Rialacha Scoile:

Féach an cód smachta le haghaidh liosta iomlán rialacha na scoile. Roinnt do na príomh-rialacha ná:

- Caithfear Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.
- Ní ghlactar le bulaíocht nó le spraoi garbh sa scoil.
- Caithfear éide na scoile a chaitheamh gach lá.
- Caithfear siúl taobh istigh den scoil.

Obair Bhaile:

Tá sé mar pholasaí na scoile obair bhaile a thabhairt do na daltaí Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, agus Déardaoin. Bíonn oíche shaor ó obair bhaile ar an Aoine.

Timpistí, Eachtraí agus Leigheas:

Ní thugtar leigheas do dhaltaí na scoile. Iarrtar ar na tuismitheoirí teacht isteach agus aon leigheas is gá a thabhairt dóibh. Tá bosca leighis sa seomra foirne agus san oifig más gá bindealáin a úsáid nó gearradh a ghlanadh. Is cóir lámhainní leighis a chaitheamh má tá sé seo á dhéanamh. Cuirtear glaoch abhaile más buile láidir nó gearradh atá faighte. Cuir glaoch abhaile láithreach más buile ar an gcloigeann atá faighte. Scríobh cuntas i leabhar na dtimpistí/eachtraí atá san oifig más tú an múinteoir ar an gclós. Cuir an príomhoide ar an eolas.

Slándáil na ndaltaí:

Dúntar geataí na scoile i rith am sosa agus am lóin. Níl cead ag daoine fásta a bheith sa chlós gan cúis oibre nó gan fhios/cead an mhúinteora atá ar dhualgas sa chlós. Níl cead páiste a scaoileadh luath ón scoil gan síniú tuismitheora sa leabhar isteach/amach san oifig.

Eolas Eile:

- Bíonn Druil dóiteáin ar a laghad uair amháin sa téarma. Téann gach rang amach a dhoras éalaithe féin agus seasann siad ar an bhféar. Tóg an leabhar rolla leat.
- Tugtar litreacha, nótaí agus an clabachán don duine is sine sa chlann.
- Coimeád doirse seachtracha na scoile dúnta.
- Níl cead spraoi ar an bhféar idir mí na Samhna agus Márta de ghnáth.
- Glaoitear an rolla gach maidin. Téann fillteán timpeall a líontar chomh maith.
- Coimeádtar uimhreacha práinneacha tuismitheoirí na ndaltaí sa rang.
- Tá róta chlóis ar an gclár fógra sa seomra foirne. Is cóir a bheith amuigh ar an gclós in am más tú múinteoir ar dhualgas. Ní théann na ranganna amach go dtí an chlós ar laethanta fliucha. Fanann siad suite múinte sa rang agus téann an múinteoir ar dhualgas an chlóis timpeall ag faire orthu. Aon mhúinteoir a bhíonn ar an gclós is féidir leo a lón a ghlacadh roimh nó tar éis a dhualgas ar an gclós. Coimeádann an múinteoir trasna ón rang súil ar an rang an fad is atá an múinteoir ag ithe lóin.
- Bailíonn gach múinteoir a rang ón halla ag 8.40r.n. Agus arís tar éis am sosa agus am lóin.
- Ní scaoiltear daltaí na naíonán nó rang a 1 ag 1.20/2.20 go dtí go dtagann a dtuismitheoirí chun iad a bhailiú.

Coimeádtar i líne iad ag an doras.

- Coimeádtar an fearas corpoideachais sa seomra eolaíochta. Níl cead ag daltaí na naíonán – rang a 2 dul isteach sa seomra stórais. Coimeádtar an Fearas Eolaíochta/ceol sa seomra foirne. Coimeádtar an páipéar leithris faoi ghlas sa seomra stórais. Bíonn an eochair ar crochadh sa seomra foirne.
- Bíonn cruinnithe foirne ar an tríú Céadaoin de gach mí. Téann clár agus miontuairiscí timpeall roimh ré.
- Bíonn snámh ar an Máirt do ranganna 1 – 6. Bíonn 8 gceacht ag gach rang. Téann dhá rang le chéile. Fágann an bus ag a 10.30. Bíonn am sosa luath ann óna 10.20-10.30.
- Bíonn ranganna iarscoile ann.
- Ritheann na tuismitheoirí club iarscoile do na naíonáin sin a bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha acu sna ranganna eile.
- Tógann dhá bhus daltaí go dtí an scoil agus ón scoil gach lá. Téann na daltaí sin amach ag an am céanna leis na daltaí eile. Má bhíonn an bus déanach déantar maoirseacht ar na daltaí ar fad le chéile i seomra amháin go dtí go dtagann an bus.
- Má tá múinteoir as láthair ar feadh lá amháin nó ar lá saoire pearsanta roinntear an rang suas idir oidí na scoile de ghnáth. Bíonn obair fágtha ag an múinteoir don lá sin. Déanann an múinteoir ranga liosta de na daltaí atá le dul chuig na ranganna éagsúla. Beidh róta ar an gclár fógraí le haghaidh scaipeadh na bpáistí

Cruthaithe	
Athbhreithniú déanta	Feabhra 2015
Athbhreithniú le déanamh	Feabhra 2016